



- 1 -

AN FHÍRINNE, AN FHÍRINNE IOMLÁN AGUS AN FHÍRINNE AMHÁIN

Trí a chlog san iarnóin. Dé Sathairn, 6ú Meitheamh 1959.
Bhí Agatán Sacs, Príomheagarthóir an *Byköpings Post* ina
shuí ag an deasc san oifig eagarthóireachta.

Bhí an ghrian ag taitneamh ar an mbaile beag ciúin agus
gan tuairim ag éinne go raibh eachtraí ar tí titim amach —
eachtraí a bhainfeadh preab an-mhór as muintir an bhaile,
an Cigire Antonsson ina measc.

Ba le sásamh mór a líon Agatán Sacs píopa an tSathairn,
las é agus shéid cúpla fáinne deataigh (atá deacair go leor le

cruthú) i dtreo na gcuiríní bláfara a bhí déanta ag a Aint Máire Treasa dó.

Tá clú agus cáil ar an *Byköpings Post* mar nuachtán den scoth. Níl aon bhréag sa chur síos atá air san fhógra ar chlár fógraí Oifig an Phoist, a deir:

BYKÖPINGS POST
AN NUACHT IS DÉANAÍ
AN NUACHTÁN BEAG
MÓR LE RÁ

Choinnigh an Príomheagarthóir súil ghéar ar chúrsaí. Scrúdaigh sé na sreangscéalta go léir a tháinig isteach. Bhíodh scéalta ó am go ham dó ag an gCigire Antonsson, go deimhin bhí scéal nua tagtha isteach inniu uaidh. Thug mac an Chigire, a bhí dhá bhliain déag d’aois, an ráiteas clóscríofa a leanas isteach chuige ar 11:15:

Tá póilíní Byköping (is é sin le rá, Antonsson) sa tóir ar bheirt fhear a bhris fuinneog mhór taispeántais i siopa habardaisireachta Sofia Almgren ar a naoi a chlog aréir agus a thug faoi chúpla spól mór cadáis a bhí ann a ghoid. Tá duine de na fir níos airde ná an fear eile — agus ní fear meán-airde é, fiú, an fear eile sin. Tá duine acu níos tapúla ná a chéile agus an duine sin níos finne ná a chomhbhádóir. Srón dhíreach atá orthu beirt agus faithne beag ar shrón acu.

Léigh Agatán Sacs an fógra sin go mífhoighneach agus chaith sa bhosca bruscair é. Suas leis ansin ar dhíon na hoifige, agus dhúisigh *Heirméas*, héileacaptar. Bronntanas ab ea an héileacaptar sciobtha sin a bhí in ann achair fhada a eitilt, bronntanas a fuair sé an geimhreadh roimhe sin ó Chumann Póilíní Iarthar na hEorpa.

D’éirigh *Heirméas* agus chuaigh timpeall na cearnóige

cúpla uair, chas thar Fheardorcha, coileach gaoithe an tséipéil, agus síos leis ansin i dtreo na habhann. D'ardaigh sé a bhabhlaer ag beannú do Bhuatais, iarnmhangaire, a bhí ag iascach san abhainn; in airde leis arís thart ar dhá chéad troigh, ansin siar i dtreo na foraoise. D'fhan sé ceithre nóiméad ansin, ag breathnú isteach san fhoraois. Chas sé timpeall ansin agus is gearr gur thuirling sé ar a dhíon féin. Chuir sé glaoch óna oifig ar an gCigire Antonsson.

‘D’fhéadfá iad a ghabháil anois,’ ar sé.

‘Cé a ghabháil? Cathain? Cén áit?’

‘Na gadaithe. Anois. San fhoraois.’

‘San fhoraois? Is fearr éan i do dhorn ná péire ar an gcraobh,’ arsa an Cigire Antonsson, ar thaitin seanfhocail leis.

‘Is fearr beirt san fhoraois ná duine amháin sa charcair,’ arsa Agatán Sacs, á fhreagairt agus é ábhairín crosta. ‘Ocht dtroithe dhéag istigh i measc na gcrann. Ina gcodladh atáid. Faithne ar shrón na beirte acu.’

Trí huair an chloig níos déanaí bhí an páipéar don Luan dár gcionn réidh le cur i gcló agus shuigh Agatán Sacs go socair sásta agus gal á baint aige as píopa an tSathairn. Bhí gach aon ní breá ciúin. Go tobann, chualathas guth géar ón mballa laistiar de:

‘Tá sé cúig nóiméad déag tar éis a cúig, a Agatáin!’

D’fhéach Agatán Sacs ar a uaireadóir rosta piléardhíonach — bronntanas ón gClós, mar a thug sé ar Chlós na hAlban (Scotland Yard); d’fhreagair sé an balla ansin:

‘Táim ag teacht. Láithreach bonn. Go deimhin, táim ar mo shlí!’

‘Tá tú ceathrú uaire an chloig déanach,’ a d’fhógair an balla.

‘Ní féidir a bheith poncúil i gcónaí,’ arsa Agatán go ciallmhar.

‘Is féidir!’ arsa an balla go géar. ‘Bímse cruinn díreach in am an t-am ar fad!’

D’éirigh Agatán Sacs, lig osna bheag agus síos staighre leis. Sa seomra mór thíos, bhí dhá chupán caife ar an mbord, agus a Aint Máire Treasa ina seasamh gar do chupán díobh.

‘Ghearr tú an tiúb cainte sa bhalla idir a dó agus a trí a chlog inniu, nár ghearr?’ ar sise go cáinteach.

‘Ghearr, a Aintín. Bhí fadhb chasta le réiteach agam.’

‘Dheineas iarracht labhairt leat leathdhosaen uaire ach níor chuala tú siolla!’

‘Níor chuala. Ach ghlacas na piollaí in am.’

‘Tá piollaí nua ceannaithe agam duit. Heipeaffassaim-inealcaideafeirmeatalanméineamíneal. Tá siad i bhfad níos lú ná na Caileamfasfarinsteallmionhiostafáinrailcileatóin.’

‘Gura maith agat, a Aintín.’

D’ól Agatán Sacs a chuid caife go mall.

‘Ach ní hé gur theastaigh uaim na piollaí a mheabharrú dhuit nuair a bhí an callaire curtha as agat,’ arsa Aint Máire Treasa. Dhoirt sí braon eile caife di féin.

‘Ó?’

‘Rud eile.’

‘Cén rud eile?’

‘É seo.’

‘Cad é féin?’

‘Litir phráinneach, de réir cosúlachta, ó choirpeach éigin is dócha,’ arsa Aint Máire Treasa, go grinn, agus shín sí litir chuig Agatán Sacs ar a raibh go leor stampaí iasachta ar an gclúdach. ‘Cá bhfios ná go bhfuil nimh air,’ ar sise ansin,



agus chuimil sí a lámha dá naprún ar eagla na heagla.

‘Cathain a tháinig sí?’

‘Ceathrú tar éis a dó. Ní maith liom an bhligearacht seo,’ ar sise, a súile dírithe aici ar a nia.

‘Bligearacht?’ ar seisean agus d’fhéach sé uirthi go géar.

‘Sea, an bealach atá agat chun breith ar bhligearid. Is cinnte go bhfuil siad curtha amach mar gheall air.’

‘Cé — na bligearid?’

‘Ní hea — na póilíní. Is cinnte nach dtaitníonn sé leo go mbíonn tú ag rith thart mar sin i do bhleachtair.’

‘Is fíor duit, a Aintín. Ach ní thaitneodh sé leo ach oiread dá mbeinn ag rith thart i mo bhligearid,’ a d’fhreagair Agatán Sacs go maorga. D’éirigh sé.

‘Gura maith agat as an gcaife. Slán.’

‘Na piollaí,’ arsa Aint Máire Treasa, agus sháigh sí buidéilín chuige.

Shlog Agatán Sacs dhá phiolla faoi dheifir.

‘Braithfidh tú i bhfad níos fearr anois,’ arsa Aint Máire Treasa.

‘Braithimse go maith i gcónaí, a Aintín.’

‘Sea toisc go dtógann tú na piollaí a fhaighimse duit.’

Theastaigh uaidh a rá arís gur bhraith sé ar fheabhas i gcónaí agus nár thóg sé na piollaí ach go hannamh; ach shocraigh sé sa deireadh gan faic a rá. D’fhill sé ar an oifig thuas staighre.

Gan smaoineamh, d’oscail sé an litir a tugadh dó agus léigh a raibh inti:

A Phríomheagarthóir, a chara,

Chuala tú faoi mo chuid líníochtaí is cinnte. Murar chuala, áfach, ní leat féin atá tú. Tugaimse *An Fhírinne, an Fhírinne Iomlán agus an Fhírinne Amháin* orthu. Léiriú atá iontu ar imeachtaí aite, imeachtaí a tharla, gan bhréag. Tá foscríbhinn nó fotheideal le gach líníocht díobh, foscríbhinn a thugann míniú ar an líníocht — nó dá mbeadh an fotheideal níos aite ná an líníocht, mhíneodh an líníocht an fotheideal, má thuigeann tú leat mé. Iniata leis seo, gheobhaidh tú líníocht agus foscríbhinn a thabharfaidh tuairim níos fearr duit.

Is fuath liom buaileam sciath de gach sórt, mar sin nílím chun a rá leat cé chomh hiontach is atá mo chuid líníochtaí ach tabharfaidh mé roinnt staitisticí duit. Deinim 100 líníocht in aghaidh na bliana. Foilsíonn thart ar 100 nuachtán ar fud na hEorpa iad. Ar an meán, bheadh thart ar 100,000 léitheoir (páistí san áireamh) ag gach ceann de na nuachtáin sin.

Táim i mbun líníochtaí a dhéanamh le cúig bliana anuas, mar sin i dtéarmaí figiúirí de: $100 \times 100 \times 100,000 \times 5 = 5,000,000,000$. Is léir mar sin, a Phríomheagarthóir, go bhfuil mo shaothar líníochta feicthe ag níos mó daoine ná daonra iomlán an domhain. Ar chúis amháin nó ar chúis eile, áfach, ní fhaca léitheoirí an *Byköpings Post* (728 léitheoir de réir mar a thuigim) na líníochtaí sin go fóill. Is féidir an scéal sin a leigheas. D’fhéadfá iad a fhoilsiú, ag tosnú an tseachtain seo. Níl fúm an phribhléid seo a thairiscint do nuachtán ar

bith eile sa tSualainn. Ní bheidh aiféala ar bith ort, glac m'fhocalsa air. Beidh do chuid léitheoirí (728) ar bís chun an chéad eagrán eile a léamh, i dteannta na léitheoirí eile go léir (5,000,000,000).

Beidh mé chugat ar an 7 Meitheamh agus beidh mé réidh chun agallamh a dhéanamh.

Le mórmheas,
Is mé agat go buíoch beannachtach,
Sluga Ó Súilleabháin, Ealaíontóir
An Duine Laistiar de *Líníochtaí na Fírinne*

Dhein Agatán Sacs staidéar ar an sampla agus ansin léigh an fhoscúbhinn faoina bhun: ‘An tÍmpire Ramanamman XXXVII a bhí i réim ó 1456 go 1457. Bhí féasóg an-fhada air agus b'éigean dó dhá thrilseán a dhéanamh aisti agus í a cheangal ar chúl a mhuiníl.’

‘An-suimiúil go deo,’ arsa Agatán Sacs de mhonabhar. ‘Glacfaidh mé leis na líníochtaí seo cinnte mura bhfuil praghas ró-ard orthu.’

Luigh sé siar sa chathaoir. Bhí an seomra deas teolaí agus dhún sé a shúile. Tar éis dhá nóiméad go leith nó mar sin bhí sásamh á bhaint aige as dreas codlata.

Cuilleog a dhúisigh é agus a chroiméal galánta á scrúdú aici. Chuir sé an ruaig uirthi agus leis sin leag a shúil ar sheilf leabhar mhór a chlúdaigh balla amháin go hiomlán. Bhí an-bhailiúchán leabhar aige a bhain le coirpigh agus cúrsaí coiriúlachta, ina measc *Ciclipéid na Coiriúlachta*. Bhí gach eolas ann faoi gach coirpeach ó Chaireo go Corcaigh. Rith smaoinemh leis a bhain preab as. An litir a bhí díreach léite anois aige. Ar chuir sé rud éigin eile i gcuimhne dó? Rud éigin a chuaigh i bhfeidhm ar a shamhlaíocht tráth den

saol? Bhí an-chuimhne go deo ag Agatán Sacs. D'éirigh sé agus shiúil go mall i dtreo na seilf.

Bhain sé anuas *Ciclipéid na Coiriúlachta*. Bhí sáreolas aige ar a raibh ann. D'fhéach sé ar liosta na gcoirpeach san innéacs, in ord aibítire: Ciarán Mac an Chleasaí, Odhrán Mór Mac Oireachtaigh, Ruaidhrí Rua (féach Ruaidhrí Glas), Rubin-Jones, Sedel-Smyth, Mac Sleabhcaín, Somhairle an Bhróin, Mac an tSúmaire, Svensson...

Dhún sé an leabhar arís. Ní raibh Sluga Ó Súilleabháin ina measc. Ní bheadh, ar ndóigh. Ainm cleite é Ó Súilleabháin, is cinnte. Nó an bhféadfadh gur Ó Súilleabháin a bhí air dáiríre? An coirpeach a bhí ann? Agus má ba ea, cén gnó a bhí aige le hAgatán Sacs?

Breá aibí a bhí a intinn i gcónaí. Agus anois agus í á húsáid aige, d'éirigh a cholainn bheag teann agus chuimil sé a chroiméal go mall lena chorrhméar. Is ansin a thuig sé go raibh an leabhar ceart ina lámha aige ach nárbh é an t-eagrán ceart é. Eagrán níos sine a bhí uaidh. Bhí an chiclipéid á foilsiú ar bhonn bliantúil ón mbliain 1880 ar aghaidh agus eolas nua i ngach eagrán ó shin.

Ar ais go dtí an tseilf arís leis agus d'aon áladh amháin, bhain anuas *Ciclipéid na Coiriúlachta* don bhliain 1891. Bhí a fhios aige an t-ainm a bhí uaidh: Billí Ó Bolgáin. Cheadaigh sé an t-innéacs agus d'oscail an leathanach a bhí uaidh:

Ó Bolgáin, Billí. Ar a dtugtar, leis, Billí na mBolg, Bolg Lán, Bolcán, nó Fear na mBolg. Rugadh é sa bhliain 1846. Chuir sé tús lena ghairm mar choirpeach i Londain agus é ina dhíoltóir nuachtán. Choinníodh sé slám mór nuachtán

siar ar na laethanta a mbíodh torthaí imeachtaí spóirt á bhfoilsíú, agus dhíoladh sé ar ball iad nuair a bhíodh na nuachtáin eile díolta amach, ar phraghas ní b'airde ar ndóigh. Nuair nach raibh sé sin sábháilte a thuilleadh, dhírigh sé a aird ar imeachtaí eile a raibh cuma amhrasach orthu. Bhí baint aige le caimiléireacht mhór, 'Calaois na bPearóidí'. Fuair sé scata pearóidí a raibh dath glas-bhuí orthu agus na seacht dteangacha acu, dar leis, agus cheannaigh thart ar cheithre scór duine saonta ceann de na pearóidí sin uaidh. Tugadh chun na cúirte é agus d'admhaigh a choir: 'Is fíor nach bhfuil mo chuid pearóidí in ann labhairt — i dteanga ar bith. Ach tá siad in ann smaoineamh — nach fearr go mór é sin?' Tar éis dó seal a chaitheamh i bpríosún, bhí baint aige le 'Calaois na Sceana Póca'. Dhíol sé sceana póca agus ráthaíocht ocht mbliana ag gabháil leo, ach bhriseadar go léir laistigh de chúpla mí. Sa bhliain 1888, thosnaigh B. ag obair mar ealaíontóir sárchliste a dhíol a chuid líníochtaí féin agus foscríbhinní leo le scata nuachtán faoin ainm *An Fhírinne Lom*. Bhí teachtaireachtaí rúnda sna foscríbhinní sin le haghaidh buíonta coirpeach ar fud na hEorpa. Tugadh an scéal sin chun solais in 1890. Cuireadh i bpríosún é ach d'éirigh leis éalú; níor gabhadh fós é agus é seo á scríobh.

D'fhéach Agatán Sacs ar na leathanaigh a raibh dath buí ag teacht orthu agus dhún an leabhar. Bhí iontas air, sea, inní fiú amháin. Le linn dó a bheith ag troid in aghaidh na caimiléireachta ar feadh blianta fada ar fud an domhain shibhialta go léir, ní raibh air riamh aghaidh a thabhairt ar choirpeach a raibh céad is a trí bliana déag slánaithe aige. Caithfidh go raibh an-taithí go deo ag an gcoirpeach fadsaolach seo!